

# CAD IS FÉIDIR LIOM A DHÉANAMH?

Tá go leor gníomhartha ann ar féidir le tuismitheoirí agus caomhnóirí a ghlacadh chun tacú leis an mbonneagar Creasa Scoile nua atá á fhorbairt i scoileanna. Tá gnéithe coitianta agus inaitheanta ag Crios Scoile, atá deartha chun feasacht tiománaithe a ardú nuair atá siad ag dul isteach i gCrios Scoile. Tacaíonn na Criosanna Scoile seo le daltaí siúl agus rothaíocht go sábháilte chun na scoile. Tá sé mar aidhm ag Criosanna Scoile sráideanna agus spásanna bóthair níos sábháilte a chruthú agus tá sé tábhachtach go dtabharfadh gach tiománaí tús áite do shábháilteacht leanaí agus iad ag taisteal go gníomhach ar scoil.

SLITE SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE

# CAD A DHÉANFAIDH MÉ LE..?

### Dromchlú

Dromchla ardaithe, uigeach nó daite chun Crios Scoile a léiriú. Ná páirceáil ar na dromchlaí sin agus ní mór do thiománaithe moilliú má théann siad tríothu

### Mullaird Phionsail

Feidhmíonn mullaird phionsail daite mar bhac cosanta do shiúlóirí agus do rothaithe laistigh den Crios Scoile. Ní mór do charranna moilliú agus gan bac a chur orthu

CRIOS SCOILE

SCHOOL ZONE

### Marcálacha Bóthair

Tá comharthaíocht péinteáilte marcáilte ar dhromchlaí bóthair asfailt. Úsáidtear an chomharthaíocht sin chun a léiriú go bhfuil tú i gCrios Scoile agus nach mór duit a bheith cúramach agus tú ag dul isteach ann

### Comharthaíocht

Úsáidtear meirgí agus comharthaí bóthair chun geata Creasa Scoile a léiriú agus ba cheart an trácht mórthimpeall a laghdú. Ba cheart siúil, rothaíocht, scútáil nó páirceáil is siúil chun na scoile más féidir






# CONAS TACÚ LE DO CHRIOS SCOILE

Tá 'Criosanna Scoile' á bhforbairt os comhair scoileanna ar fud na hÉireann agus tá go leor bealaí ann inar féidir le tuismitheoirí nó caomhnóirí tacú lena gCrios Scoile ionas gur féidir le leanaí rochtain a fháil ar scoileanna ar bhealach sábháilte. Dearadh gnéithe an bhonneagair nua agus gnéithe na gCriosanna Scoile chun trácht a laghdú ag geataí scoile agus chun rochtain a fheabhsú. Tá sé mar aidhm ag an mbróisiúr seo ceisteanna a fhreagairt faoin gcaoi ar féidir le tuismitheoirí nó caomhnóirí tacú lena gCrios Scoile.

- Cén fáth a bhfuil trácht ag geataí scoile ina fhadhb?
- Conas a spreagaimid daltaí chun siúil, rothaíocht agus scútáil chun na scoile?
- Conas a úsáidfimid an Crios Scoile nua?




# TRÁCHT SCOILE

Bíonn trácht os comhair na scoile ina ghuais sábháilteachta agus déanann sé díobháil do chaighdeán an aeir. D'fhéadfadh sé a bheith deacair leanaí a fheiceáil agus iad ag trasnú an bhóthair mar gheall ar thrácht/charranna páirceáilte. Má pháirceálann carr ar cholbha d'fhéadfadh sé bac a chur ar rochtain isteach agus bheith ina chúis le plódú, agus bheadh ar leanaí, pramanna agus cathaoireacha rothaí dul amach ar an mbóthar dá bharr. Má fhágtar inneall ag rith (ag réchasadh) cruthaítear truailliú aeir gan ghá ag geata na scoile agus tá sé díobhálach do shláinte leanaí

# TACÚ LE TAISTEAL GNÍOMHACH

Is féidir le tuismitheoirí agus caomhnóirí tacú le Crios Scoile trí shiúl, rothaíocht nó scútáil chun na scoile le leanaí. Trí líon na gcarranna ag geataí scoile a laghdú, beidh leanaí ábalta taisteal chun na scoile go gníomhach, go sábháilte agus go neamhspleách. Má tá leanbh á thiomáint chun na scoile agat, bí aireach ar chomharthaí an Mhaoir Scoile agus tiomáin/páirceáil go ciallmhar, go dlíthiúil agus tabhair aird ar úsáideoirí soghonta bóithre i gcónaí

# AN CRIOS SCOILE A ÚSÁID

Chun tacú le leanaí taisteal chun na scoile go sábháilte agus go gníomhach, caithfear trácht agus brú tráchta a laghdú laistigh den Chrios Scoile. Chun é sin a bhaint amach, ba cheart leanaí a ligean amach as carranna agus a bhailiú i gcarranna lasmuigh den Chrios Scoile. Ba cheart do thiománaithe moilliú agus iad ag dul tríd an gCrios Scoile agus ní mór do thiománaithe a bheith an-airdeallach ar shiúlóirí, ar rothaithe agus ar leanaí atá ag scútáil chun na scoile.





# SLITE SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE

Seoladh an clár SRTS i mí an Mhárta 2021 agus bhí deis ag gach scoil in Éirinn iarratas a chur isteach ar uasghráduithe os comhair na scoile chun rochtain níos sábháilte a thabhairt do shiúlóirí, leanaí ar rothair agus gach duine a thagann chun na scoile. Is tionscnamh de chuid na Roinne Iompair é an clár agus tacaíonn an Roinn Oideachais leis. Oibríonn Clár na Scoileanna Glasa an clár seo i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus údaráis áitiúla. Oibríonn Oifigeach Bonneagair tiomnaithe SRTS le scoileanna agus le húdaráis áitiúla le linn an phróisis.

**S:** @SRTS_Ire
**W:** www.greenschoolsireland.org/saferoutestoschool/
**E:** srts@eeu.antaisce.org
**T:** +353 1 400 2222
**A:** EEU An Taisce Unit 5a
Swift's Alley, Francis Street
Dublin, D08TN88
Ireland




Léaráid Ealaíontóra